








# Grafaic Theicniúil









| An Ghrafaic Theicniúil (bain) | Sampla | Míniú ar an riail ghramadaí |
|---|---|---|
| An tuiseal ainmneach/ cuspóireach | Is maith liom **an ghrafaic theicniúil**. | Séimhiú ar **an ghrafaic** mar gur ainmfhocal baininscneach í. Séimhiú ar **theicniúil** mar is aidiacht é atá faoi réir ag an ainmfhocal baininscneach **grafaic**. |
| An tuiseal tabharthach   | Tá scrúdú againn **ar an ngrafaic theicniúil** inniu. | **Réamhfhocal + an + urú ar chonsan** (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) **Réamhfhocal + an gan aon rud roimh ghuta**. |
| | Tá scrúdú againn **ar an ghrafaic theicniúil** inniu. | **Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan** (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) **Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta**. |
| An tuiseal ginideach | Scrúdú grafaic theicniúil. | Focal baininscneach sa dara díochlaonadh is ea **grafaic**. Ní chuirimid sa ghinideach é mar go bhfuil **theicniúil** ina dhiaidh. |

## EOCHAIRFHOCAIL DON GHRAFAIC THEICNIÚIL

| | |
|---|---|
| **A** | |
| Aghaidhchló | Radharc ag féachaint ar aghaidh an chrutha. Glaoitear **ingearchló** air freisin. |
| **B** | |
| Bonnchló | Radharc ag féachaint ar bharr an chrutha. |
| **C** | |
| Comhlárnach (ciorcail chomhlárnacha) | An lár céanna ag dhá chiorcal.  |
| Cruth Neamhrialta | Cruth ina bhfuil sleasa nó uillinneacha ar thomhais dhifriúla.  |
| Cruth Rialta | Cruth ina bhfuil sleasa nó uillinneacha ar an tomhas céanna.  |
| **D** | |
| Déroinn | Líne nó uillinn a roinnt ina dhá leath.  |
| **E** | |
| Éalárnach (ciorcail éalárnacha) | Láir dhifriúla ag an dá chiorcal.  |

| | |
|---|---|
| **F** | |
| | |
| **G/H** | |
| Ga | An fad idir lárphointe agus imlíne an chiorcail.  |
| Géaruillinn | Uillinn níos géire ná 90° céim.   |
| **I/J/K** | |
| | |
| **L** | |
| Léirshamhlaigh | Cruthaigh pictiúr i d'intinn, ar leathanach, nó ar scáileán. |
| Líne cheartingearach | Líne díreach suas agus anuas ag 90° céim. |
| Líne chothrománach | Líne díreach trasna ag 180° céim. |
| Líne chríochnaithe | Líne throm |
| Líne dhofheicthe/ bhriste | Líne a chuireann in iúl tomhaiseanna nach bhfuil soiléir nó nach féidir a fheiceáil. |
| Líne theilgthe | Líne éadrom a thógann tomhas ó áit amháin go háit eile. |
| Líne thógála | Líne éadrom. |
| Línte comhthreomhar | Línte a théann an treo nó an claonadh céanna. |
| Línte dronuilleacha (uillinn dhronuilleach) | Línte ar uillinn 90° céim.  |
| Línte ingearacha | Líne ar 90° céim leis an líne eile.   |
| **M** | |
| Maoluillinn | Uillinn níos mó ná 90° céim.  |
| **N** | |
| Normal | Líne ingearach le tadhlaí, a théann tríd an bpointe tadhaill.  |
| **O** | |
| | |

| | |
|---|---|
| **P/Q** | |
| Pictiúr saorláimhe  | Pictiúr a tharraingíonn duine gan rialóir ná trealamh a úsáid. |
| Pointe tadhaill  | An pointe ag a mbuaileann an tadhlaí an cuar. |
| **R** | |
| Rindreáil  | Solas agus dorchadas a léiriú le dathanna. |
| **S** | |
| Scáthú  | Solas agus dorchadas a léiriú le peann luaidhe. |
| Slios  | Líne dhíreach atá mar thaobh ag cruth amhail triantán nó polagán. |
| **T** | |
| Tadhlaí  | Líne a bhuaileann cuar agus/ach nach ngearrann an cuar. |
| Taobhchló | Radharc ag féachaint i dtreo thaobh an chrutha. |
| Teilg | Tomhas a thógáil ó áit amháin go háit eile. |
| Trastomhas  | An tomhas is faide idir pointí ar imlíne an chiorcail. (Ga x 2) |
| | |
| **U/V/W/X/Y/Z** | |
| Uillinn athfhillteach  | Uillinn níos mó ná 180° céim. |
| **Téarma** | **Míniú** |
| | |
| | |
| | |
| | |

| Téarma | Míniú |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |